

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 25

EACHTRA THROMCHÚISEACH A BHAINISTIÚ

- **Bí suaimhneach - bíodh eolas agat ar do chuid mhothúchán féin agus ar do chuid gníomhartha féin**
(Féach Treoirbhileog Uimh. 15: Suaimhneas a Chur in Iúl Nuair a Bhíonn Rudaí Trína Chéile)

- **Ná déan rudaí níos measa le d'iompar féin**

Bí measúil - úsáid ráitis threoracha (Féach Treoirbhileog Uimh. 17: Ráitis Threoracha) - tabhair seal beag ama - tabhair rogha.

- **Oibrigh chun toradh éifeachtach a bhaint amach níor chóir go mbeadh buaiteoir agus cailliúnaí ann**

Ná bí páirteach in achrann mór. Cuimhnigh gur tusa an duine fásta. Bí ullamh le tarraingt siar. Níl sé chomh dona an cath a chailleadh is atá sé tú féin a chailleadh. Pleanáil le smaoineamh agus le hobair le linn na chéad eachtra eile. Is dócha go mbeidh ceann eile ann fiú má 'bhuann' tú an ceann seo.

- **Aithin go bhfuil mothúcháin ag an duine eile freisin**

'Tá a fhios agam go bhfuil fearg / frustrachas ort...feicim chomh trína chéile is atá tú....'

- **Smaoinigh ar shábháilteacht – ar shábháilteach gach duine sa seomra**

Seo é an rud is tábhachtaí ar fad. Má tá bagairt ar shábháilteacht daoine eile, moltar más féidir, na daoine eile a chur amach as an seomra.

- **Seans go mbeidh ort cabhair a lorg ón taobh amuigh – ar shlí shocair agus ar bhealach pleanáilte**

Tar éis eachtra tromchúisí, caithfidh an fhoireann pleananna a dhéanamh agus straitéisí coisctheacha agus bainistíochta a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Caithfear an plean sin a chur in iúl do gach duine a mbaineann sé leis ionas go mbeidh gach duine den fhoireann atá páirteach in eachtra ar an eolas faoi cad is fearr dóibh a dhéanamh nuair a bheidh rudaí trína chéile m.sh. glaoch ar an Uasal Roberts....

- **Smaoinigh go tapa - seans go mbeidh ort rudaí a athrú**

Ionas go mbeidh tú in ann smaoineamh go tapa, caithfidh d'intinn a bheith suaimhneach. (Féach Céim 1) De réir mar a théann an t-iompar in olcas, caithfidh tú cinntí a dhéanamh faoi cathain is fearr seasamh siar, agus daoine eile a chur amach as an seomra srl. Ar an gcaoi chéanna, seans go dtosóidh an dalta ag suaimhniú, agus caithfidh tusa freagairt go cuí ionas nach dtosóidh an t-iompar athuair.

- **Coinnigh smacht ar do stíl chumarsáide féin agus ar do chomharthaíocht choirp**

Seans go mbeidh daltaí eile i láthair. Déanfaidh sé maiteas dóibh má fheiceann siad go bhfuil tú in ann an cas a láimhseáil go measúil agus go suaimhneach. Is ag aithris ortsa a bheidh siad nuair a bheidh iompar cuí ar siúl acu.

- **Bíodh plean agat a chuideoidh leat smaoineamh agus gníomhú**

Cabhraíonn straitéisí mar féinlabhairt, comhaireamh go dtí a deich, cleachtaí anála.

- **Bí ag súil le toradh dearfach ach ní bhíonn deireadh maith le *gach* eachtra**

Foinse: Hewett, Dave (1998). *Challenging Behaviour Principles and Practices*. Londain. David Fulton Publishers. ISBN: 1-85346-451-1